
# Houses of the Oireachtas
# Vótáil 100 Programme Booklet

*Celebrating a centenary of women's suffrage and representation in Parliament*

1918


Irish Women's Franchise
LEAGUE.

MISS
CHRISTABEL PANKHURST, L.L.B.,

ROTUNDA.

Friday, March 11th,
8 p.m.

Tickets, 2/- (Reserved) 1/- & 6d.

Tickets can be obtained at Messrs. Cramers' Westmoreland St., The Library, 34 Wicklow St., and at the League Offices, 42 Gt. Brunswick Street.

VOTES FOR WOMEN.








2018






Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

1918
2018

Vótáil 100
Mná san Oireachtas

#Vótáil100



Commemoration of the 90th anniversary of the 1918 election (held on 14th December 1918), the first in which women had the right to vote. The event, "Oireachtas Women 1918-2008", consisted of a ceremony that took place in the Dáil Chamber on 9th December 2008. All current and living former women Deputies and Senators were invited.

Houses of the Oireachtas
Leinster House, Kildare Street
Dublin 2, D02 XR20
www.oireachtas.ie/votail100
Tel: +353 (0)1 6183000 or 076 1001700
Twitter: @OireachtasNews

Connect with us

# Houses of the Oireachtas
# Vótáil 100 Programme Booklet

*Celebrating a centenary of women's suffrage and representation in Parliament*



# Welcome from the Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl TD



In 2018 the Houses of the Oireachtas will commemorate the one hundredth anniversary of the giving of voting rights to women, and the resulting women elected to Parliament, through a programme of celebration and public events under the banner of Vótáil 100.

The fundamental importance of this period in Irish society cannot be understated as it allowed, across a series of key dates, a burgeoning movement towards equality to be enshrined in Irish law. 1918 marked an important beginning on a journey towards full electoral equality and it is important that we reflect on these events, celebrate how this has enriched public life and consider how modern Ireland has been shaped by this period in our history.

I must also offer a special word of thanks to the Members of both Houses of the Oireachtas, the Members of the Houses of the Oireachtas Commission, the Vótáil 100 Committee and all of our collaborative partners that feature within this programme. Further details of whom you will find throughout this booklet.

You will find more information on the individual events here but I encourage you to keep up to date at www.oireachtas.ie/votail100 and across our social media channels throughout the year.

Seán Ó Fearghaíl TD
Ceann Comhairle of Dáil Éireann

# Welcome from the Cathaoirleach, Senator Denis O'Donovan



In curating this programme, Vótáil 100, we have worked to strike a balance that appeals to all with an interest in history, society and politics and I very much hope that you find an opportunity to actively engage with this important centenary. This programme celebrates the important work carried out by the suffrage movement to ensure that all women would have the right to vote and that this would be forever protected in Irish law.

As Cathaoirleach of Seanad Éireann I am particularly looking forward to the Youth Debate in the Seanad Chamber as part of the programme where we will have the opportunity to hear from the next generation of voters speak on a variety of topics including how we can increase female participation in politics. I believe it to be fundamentally important that we, as National Parliamentarians, hear from the future leaders and decision makers on the floor of Seanad Éireann.

This year marks an important milestone in our Nation's history but there is no question that more can be done and so it is our hope that this centenary programme will serve to encourage, promote and grow participation in democracy, in public life and in the future leadership of our country.

Senator Denis O'Donovan
Cathaoirleach of Seanad Éireann

# Welcome from Senator Ivana Bacik



As Chairperson of the Vótáil 100 Committee which is organising the celebrations around the 2018 centenary of women's suffrage in Ireland, I am delighted that we will have so many exciting events and exhibitions taking place in Leinster House. The first year that Irish women had the right to vote and run in parliamentary elections was 1918. The Representation of the People Act 1918 extended the right to vote to women for the first time; it applied to women over the age of 30, as well as men over the age of 21 who did not own property. In the 1918 general election, an Irish woman, Constance Markievicz, was the first woman MP elected to the House of Commons. Instead of taking her seat there, she took up her seat as the first woman TD in the first Dáil. Over the course of 2018, the Houses of the Oireachtas will commemorate this important centenary with a programme of cultural, historical and educational events marking the work of the suffrage movement in Ireland going back to the early 19th Century.

Our programme will celebrate the lives of the women most closely involved in the campaign leading up to legislative reform and will also focus on the representation of women in parliament, leading up to the present day. Although we have recently achieved a significant increase in women's representation following the introduction of gender quotas for the 2016 general election, women remain greatly under-represented in the Oireachtas. Today, there are only 35 women out of 158 TDs in the Dáil (22%) and only 19 women out of a total of 60 Senators (32%). Clearly, much more needs to be done to bring women forward in politics. We hope that our Vótáil 100 Programme will encourage and inspire more women to become politically involved, and will remind us all about the importance of the right to vote.

Senator Ivana Bacik
Chairperson of the Vótáil 100 Committee

# Historical Overview

1918 marked the first year that Irish women were allowed to vote and run in parliamentary elections. Following the passage of the Representation of the People Act 1918, the number of voters in Ireland increased from 700,000 in 1910 to almost 2 million, as the Act extended the vote to women over the age of 30 as well as men over the age of 21 who did not own property, for the first time.

In November 1918, the Parliament (Qualification of Women) Act was passed allowing women to become MPs on the same terms as men and in the subsequent election in December an Irish woman, Countess de Markievicz, was the first woman elected to the House of Commons. She was one of only two women who contested that election with prominent suffragette Winnie Carney also standing in Belfast Victoria.

Countess de Markievicz took her seat in the first Dáil instead, where she spoke in 1922 in favour of lowering the voting age for women to 21.

Over the course of 2018, the Houses of the Oireachtas will commemorate this important centenary with a programme of cultural, historical and educational events which will look at the suffrage movement in Ireland going back to the early 19th Century, and the major figures in the agitation and campaign leading up to the legislative reform. The programme will also focus on the representation of women in parliament, leading up to the present day, with a major increase in representation in 2016 following the introduction of gender quotas.

# Significant Programme Projects and Dates

**1 February 2018:** Collaborative conference in the Royal Irish Academy entitled "Representation, Gender and Politics: Past and Present. Reflecting on the Centenary of the Representation of the People Act 1918". This conference will mark the centenary of female suffrage and the extension of male suffrage.

For more information on the programme and to how to attend see www.Oireachtas.ie/Votail100



**28 February 2018:** Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl TD, will gift a copy of a portrait of Countess de Markievicz, held by the Hugh Lane Gallery, to the House of Commons in London in the presence of the Rt Hon John Bercow MP, Speaker of the House of Commons. The original portrait, painted in 1901 by Polish artist Bolesław Szańkowski, currently hangs in Áras an Uachtaráin.

**6 Márta 2018: Mar chuid de Seachtain na Gaeilge le Energia** – Leinster House and Oireachtas TV will play host to a special lecture from Máire Geoghegan-Quinn, marking Seachtain na Gaeilge. The lecture will look at the importance of our National language to her and in her work, as she speaks about her life and career in Irish and European politics.

**8 March 2018:** International Women's Day: An official unveiling and handing-over ceremony will be held in Leinster House where the Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl TD, will receive a group portrait of all current female Members of the Oireachtas by award winning artist Noel Murphy. The painting will then hang in Leinster House on public display.

During the summer of 2018, Oireachtas TV will also broadcast an original behind-the-scenes documentary on the painting of the portrait. The documentary is being co-funded between the Broadcasting Authority of Ireland and Oireachtas TV.

## Significant Programme Projects and Dates




**17 April 2018: Díospóireacht na nÓg, Youth Debate in Seanad Éireann** – Seanad Éireann will host the sixteen winners of the Oireachtas all-island school competition who will debate the legacy of the suffrage movement.

**Spring/Summer 2018:** Acclaimed documentary maker Alan Gilsenan has been commissioned to produce a piece telling the story of Irish women's struggle for equality in the political sphere, told exclusively through the first-hand testimony of the women involved. This project is co-sponsored by the Broadcasting Authority of Ireland and Oireachtas TV and will be broadcast in the first half of 2018.

**June 2018 – September 2018:** In partnership with the National Museum of Ireland and the National Library of Ireland, the Houses of the Oireachtas will play host to an exhibition of artefacts, images and ephemera celebrating the work of the suffragette movement, the importance of the Representation of the People Act 1918 and the impact that this has had on modern society.

This exhibition will feature, among many other exhibits, the original banner used by the Irish Women's Franchise League.

**21 September 2018: Culture Night 2018 –** A celebration of Irish history and political culture, themed around the Vótáil 100 commemoration.

**27 October 2018 – 17 March 2019:** The National Gallery of Ireland, in collaboration with the Houses of the Oireachtas, will host an exhibition on the life of Countess de Markievicz.

## Significant Programme Projects and Dates

On the centenary of the formation of the First Dáil, this exhibition will focus on Countess de Markievicz, one of the most significant, intriguing, and provocative members of the first parliament of the Irish Revolutionary Republic. The exhibition will explore aspects of Countess de Markievicz's complex and enigmatic identity through her visual portrayal in painting, photography, illustration and film.

*The 21st of November marks 100 years since the Parliament (Qualification of Women) Act was passed into law.*

**21 November 2018:** To record and represent the incremental growth in female representation in Parliament, the chamber of Dáil Éireann will facilitate a photographic record of current and former female members of the Oireachtas.

**21 November 2018:** Speaker's Lecture in Leinster House in the context of the 2018 suffrage programme, hosted by the Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl TD.

**7 December 2018: Former Members' Symposium** on Women's Suffrage to be broadcast live on Oireachtas TV.

Former elected Members of the Oireachtas will meet in Leinster House to discuss matters relating to Vótáil 100.

*On the 14th of December 1918 British and Irish women vote in a Parliamentary election for the first time.*

**14 December 2018:** It is proposed to mark the advent of the vote for women in the Dáil Chamber.

## Significant Programme Projects and Dates

The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht will also host an exhibition in the Coach House in Dublin Castle celebrating 100 years of female participation in political life.

The Exhibition will run between November 2018 and January 2019 and will feature previously unseen artefacts, information panels and digital displays plotting the course of women's journey in public life over the last 100 years.

The above events are also accompanied by a historical information booklet, leaflet and educational poster setting out the history of the period. This material is available on line at www.Oireachtas.ie/Votail100

Images in this booklet have been reproduced courtesy of the National Library of Ireland, the Photography Department of the National Museum of Ireland and Dublin City Gallery The Hugh Lane.

## The Vótáil 100 Committee

*All-Party grouping of*

Senator Ivana Bacik (chair)

Senator Alice Mary Higgins

Senator Gabrielle McFadden

Senator Rose Conway Walsh

Deputy Fiona O'Loughlin

Deputy Catherine Martin

# Thanks also to the following for their contribution:

Sinéad McCoole, Historian & Curator Centenary of Women in Politics 2018, Commemorations Unit, Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Former Senator Paschal Mooney

Dr Micheline Sheehy Skeffington

Dr Fiona Buckley, Department of Government and Politics, University College Cork UCC

Claire McGing, Department of Geography, NUI Maynooth

Jane Maxwell, Principal Curator, the Library of Trinity College Dublin

Estelle Gittins, Assistant Librarian, the Library of Trinity College Dublin

Finola Doyle-O'Neill, Broadcast Historian (TV, Radio, Film), School of History, UCC

Dr Audrey Whitty, Keeper, Art & Industrial Division, National Museum of Ireland – Decorative Arts & History

Sandra Heise, Curator at the National Museum of Ireland

Lorraine Comer, Head of Education, National Museum of Ireland

Vanessa Carswell, Royal Irish Academy

Rebecca Gageby, Royal Irish Academy

Elizabeth Forster, Dublin City Gallery, The Hugh Lane

Professor Louise Ryan, Department of Sociological Studies, The University of Sheffield

Mary Clancy, Political Science and Sociology, NUI Galway

Donal Maguire, Curator at the National Gallery of Ireland

And our debate mentors:

Julie Davis

Catherine Prasifka

Hannah Beresford

Lorna Staines

# Our partners:

NATIONAL GALLERY of IRELAND
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN

---

nli
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

---

RIA
Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

---

BAI
ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN
BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

---

# Tithe an Oireachtais
# Vótáil 100 Treoir don Chlár

*Ceart vótála a bheith ag na mná agus a n-ionadaíocht sa Pharlaimint le céad bliain anuas a cheiliúradh*

1918



Irish Women's Franchise LEAGUE.

MISS

CHRISTABEL PANKHURST, L.L.B.,

ROTUNDA.

Friday, March 11th,

8 p.m.

Tickets, 2/– (Reserved) 1/- & 6d.

Tickets can be obtained at Messrs. Cramers' Westmoreland St., The Library, 34 Wicklow St., and at the League Offices, 42 Gt. Brunswick Street.

VOTES FOR WOMEN.

M. Quirk, Printer — Irish Paper.













2018

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

1918
2018

**Vótáil 100**
**Mná san Oireachtas**

*#Vótáil100*



Comóradh ar an tráth cothrom an ama 90 bliain ó reáchtáladh toghchán 1918 (an 14 Nollaig 1918), an chéad toghchán ar ceadaíodh do mhná vótáil lena linn. "Mná an Oireachtais, 1918-2008" ba theideal don chomóradh agus tionóladh searmanas i Seomra na Dála ar an 9 Nollaig 2008 mar chuid de. Tugadh cuireadh do gach Teachta agus Seanadóir Mná a bhí fós ar marthain, idir IarTheachtaí, Theachtaí Reatha, Iar-Sheanadóirí agus Seanadóirí Reatha.


Tithe an Oireachtais
Teach Laighean, Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2, D02 XR20
www.oireachtas.ie/votail100
Guthán: +353 (0)1 6183000 or 076 1001700
Twitter: @OireachtasNews


Déan teagmháil linn

# Tithe an Oireachtais
# Vótáil 100 Treoir don Chlár

*Ceart vótála a bheith ag na mná agus a n-ionadaíocht sa Pharlaimint le céad bliain anuas a cheiliúradh*





# Focal Fáilte ón gCeann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl, TD

Le linn na bliana 2018 déanfaidh Tithe an Oireachtais comóradh ar chothrom céad bliain ó tugadh cearta vótála do mhná, agus ar na mná a toghadh chun na Parlaiminte dá bharr, trí chlár imeachtaí agus ócáidí ceiliúrtha poiblí faoin teideal Vótáil 100.

Ní féidir áibhéal a dhéanamh i dtaca le buntábhacht na tréimhse seo do shochaí na hÉireann de bhrí tugadh deis dá bharr, le himeachtaí a thit amach thar líon dátaí tábhachtacha, an ghluaiseacht a bhí ag borradh i dtreo an chothromais a bhuanú i ndlí na hÉireann. Ba thúsphointe tábhachtach é an bhliain 1918 ar an aistear i dtreo an chomhionannais iomláin i gcúrsaí toghcháin agus is rí-mhithid dúinn ár machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí seo, ceiliúradh a dhéanamh ar an gcaoi ar feabhsaíodh an saol poiblí agus smaoineamh ar an gcaoi ar fáisceadh Éire nua-aimseartha as an tréimhse seo inár stair.

Ina theannta sin, ní mór dom focal buíochais ar leith a rá le Comhaltaí dhá Theach an Oireachtais, le Comhaltaí Choimisiúin Thithe an Oireachtais, le Coiste Vótáil 100 agus lenár gcuid comhpháirtithe oibre go léir a bhfuil lorg a lámh le feiceáil sa chlár seo. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na comhpháirtithe seo go léir sa leabhrán seo tríd síos.

Tiocfaidh tú ar a thuilleadh eolais anseo thíos maidir le gach ócáid ar leith ach molaim do gach duine fanacht cothrom le dáta ar feadh na bliana ag www.oireachtas.ie/votail100 agus trí na bealaí cumarsáide atá againn ar na meáin shóisialta.

Seán Ó Fearghaíl TD
Ceann Comhairle Dháil Éireann

# Focal Fáilte ón gCathaoirleach, an Seanadóir Donncha Ó Donnabháin



Le linn dúinn an clár seo, Vótáil 100, a dhíolaim d'fhéachamar le cothromas a bhaint amach chun go mbeadh sé tarraingteach dóibh siúd go léir ar spéis leo an stair, an tsochaí agus an pholaitíocht agus is é mo ghuí go bhfaighidh tú deis páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomóradh tábhachtach an chéid bliain seo. Sa chlár seo déantar ceiliúradh ar an obair thábhachtach a rinne gluaiseacht na gceart vótála d'fhonn a chinntiú go mbeadh cearta vótála ag gach bean agus go ndéanfaí an ceart sin a chosaint go buan i ndlí na hÉireann.

Mar Chathaoirleach ar Sheanad Éireann táim ag súil go speisialta le Díospóireacht na nÓg a thionólfar i Seomra an tSeanaid mar chuid den chlár nuair a bheidh deis againn cluas a thabhairt dá bhfuil le rá ag an gcéad ghlúin eile vótálaithe maidir le réimse ábhar éagsúil, lena n-áirítear conas is féidir cur le líon na mban a bhíonn páirteach sa pholaitíocht. Creidim féin go bhfuil sé fíorthábhachtach go gcloisfidh muidne, Comhaltaí an Oireachtais, ar urlár an tSeanaid na daoine a bheidh ina gceannairí agus ina lucht cinnteoireachta sa tír amach anseo.

Clochmhíle thar a bheith tábhachtach i stair an Náisiúin is ea an bhliain seo, ach níl aon amhras ach gur féidir níos mó a bhaint amach agus dá réir sin tá súil againn go gcuideoidh an clár imeachtaí céad bliain seo chun an rannpháirteachas sa daonlathas, sa saol poiblí agus i gceannaireacht na tíre feasta a spreagadh, a fhás agus a chur chun cinn.

An Seanadóir Donncha Ó Donnabháin
Cathaoirleach Sheanad Éireann

# Focal Fáilte ón Seanadóir Ivana Bacik



Mar Chathaoirleach ar Choiste Vótáil 100, an coiste atá ag eagrú imeachtaí ceiliúrtha 2018 chun cothrom an ama céad bliain ó baineadh amach Ceart Vótála na mBan in Éirinn a chomóradh, tá an-áthas orm go mbeidh an oiread sin ócáidí agus taispeántas iontach á reáchtáil i dTeach Laighean. Ba sa bhliain 1918 den chéad uair a bhí ceart vótála agus ceart chun seasamh i dtoghcháin pharlaiminteacha ag mná na hÉireann. Leis an Representation of the People Act 1918 tugadh an ceart vótála do mhná den chéad uair; bhí feidhm aige maidir le mná os cionn 30 bliain d'aois, agus maidir le fir nach úinéir maoine os cionn 21 bliain d'aois. In Olltoghchán na bliana 1918, toghadh Constance Markievicz, Éireannach mná, an chéad bhean a toghadh ina MP chuig Teach na dTeachtaí i Westminster. In áit glacadh lena suíochán thall, ghlac sí le suíochán mar an gcéad Teachta Dála Mná sa chéad Dáil. Le linn 2018, déanfaidh Tithe an Oireachtais comóradh ar an gcothrom céad bliain tábhachtach seo le clár imeachtaí cultúir, stairiúla agus oideachais chun ceiliúradh a dhéanamh ar obair ghluaiseacht na gceart vótála in Éirinn ag dul siar chomh le blianta tosaigh an naoú haois déag.

Déanfaidh ár gclár ceiliúradh ar shaolta na mban sin is mó a raibh dlúthbhaint acu leis an bhfeachtas ba thrúig an athchóirithe reachtaíochta agus díreoidh an clár freisin ar ionadaíocht na mban sa pharlaimint, suas go dtí an lá atá inniu ann. Cé go bhfuil muid tar éis méadú suntasach ó thaobh ionadaíocht na mban a bhaint amach le blianta beaga anuas i ndiaidh dúinn cuótaí inscne a thabhairt isteach d'olltoghchán 2016, is fíor a rá go bhfuil tearcionadaíocht ag mná fós san Oireachtas. Faoi láthair, 35 bhean atá ina dTeachtaí Dála as 158 TD sa Dáil (sin 22%) agus níl ach 19 mbean as 60 Seanadóir atá ina Seanadóirí (nó 32%). Is léir go gcaithfear i bhfad níos mó a dhéanamh chun na mná a thabhairt chun tosaigh sa pholaitíocht. Tá súil againn go dtabharfaidh Clár Vótáil 100 spreagadh agus ugach do níos mó ban páirt is gníomhaí a ghlacadh i gcúrsaí polaitíochta, agus go meabhróidh sé dúinn go léir an tábhacht a bhaineann leis an gceart vótála.

An Seanadóir Ivana Bacik
Cathaoirleach Choiste Vótáil 100

# Forléargas Stairiúil

Ba sa bhliain 1918 a céadtugadh cead do mhná na hÉireann vótáil agus seasamh i dtoghcháin pharlaiminteacha. Tar éis an Representation of the People Act 1918 a rith, mhéadaigh líon na vótálaithe in Éirinn ó 700,000 go dtí beagnach 2 mhilliún, toisc gur thug an tAcht an ceart vótála den chéad uair do mhná os cionn 30 bliain d'aois agus d'fhir nach úinéir maoine os cionn 21 bliain d'aois.

I Samhain na bliana 1918, ritheadh an Parliament (Qualification of Women) Act a thug cead do mhná a bheith ina bhFeisirí Parlaiminte de réir na dtéarmaí céanna a bhain le fir agus sa chéad toghchán eile ina dhiaidh sin i mí na Nollag toghadh bean Éireannach, an Chuntaois Constance Markievicz, an chéad bhean a toghadh chuig Teach na dTeachtaí i Westminster. In ionad dul go Westminster, ghlac sí lena suíochán sa chéad Dáil, mar ar labhair sí in 1922 ar son aois vótála na mban a ísliú go dtí 21 bliain.

Le linn 2018, déanfaidh Tithe an Oireachtais an comóradh céad bliain tábhachtach seo a cheiliúradh le clár imeachtaí cultúir, stairiúla agus oideachais a dhéanfaidh scagadh ar ghluaiseacht na gceart vótála in Éirinn ag dul siar go dtí blianta tosaigh an naoú haois déag, agus ar na pearsana ba mhó le rá a bhí páirteach sa chorraíl agus san fheachtas ba thrúig an athchóirithe reachtaíochta. Díreoidh an clár freisin ar ionadaíocht na mban sa pharlaimint, suas go dtí an lá atá inniu ann, leis an méadú suntasach ar ionadaíocht na mban a tharla in 2016 tar éis cuótaí inscne a thabhairt isteach.

# Tionscadail agus Dátaí Suntasacha ar an gClár

**1 Feabhra 2018:** Comhdháil chomhoibritheach in Acadamh Ríoga na hÉireann dar teideal "Ionadaíocht, Inscne agus an Pholaitíocht: Fadó agus Faoi Láthair. Machnamh a dhéanamh ar an gCéad Bliain ó ritheadh an *Representation of the People Act 1918*". Comóradh is ea an chomhdháil seo ar an tráth céad bliain ó shin nuair a tugadh cearta vótála do mhná, agus nuair a leathnaíodh cearta vótála na bhfear.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gclár agus conas freastal ar an ócáid féach www.Oireachtas.ie/Votail100



**28 Feabhra 2018:** Tabharfaidh an Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl, TD, cóip de phortráid den Chuntaois de Markievicz (atá faoi sheilbh Dhánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, an Hugh Lane) mar bhronntanas do Theach na dTeachtaí, Londain i láthair Spéicéir Theach na dTeachtaí, an Ró-Onórach John Bercow, MP. Tá an phortráid bhunaidh, a phéinteáil an t-ealaíontóir Polannach Bolesław Szańkowski ar crochadh faoi láthair in Áras an Uachtaráin.

**6 Márta 2018: Mar chuid de Seachtain na Gaeilge le Energia** - Reáchtálfaidh Oireachtas TV léacht speisialta ó Mháire Nic Eochagáin Uí Chuinn chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge. Díreoidh an léacht ar an tábhacht a bhaineann lenár dteanga Náisiúnta di agus dá cuid oibre, agus í ag labhairt faoina saol agus faoina gairm bheatha i bpolaitíocht na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh.

**8 Márta 2018:** Lá Idirnáisiúnta na mBan: Reáchtálfar nochtadh oifigiúil portráide agus searmanas toirbhearta i dTeach Laighean mar a mbronnfar ar an gCeann Comhairle, Seán Ó Fearghaíl TD, portráid de chomhaltaí mná an Oireachtais reatha, déanta ag an ealaíontóir Noel Murphy a bhfuil duaiseanna buaite aige. Beidh an pictiúr ar taispeáint go poiblí ansin i dTeach Laighean.

Ina theannta sin, craolfaidh Oireachtas TV clár faisnéise úrnua le linn shamhradh 2018 ina léireofar cruthú na portráide agus na himeachtaí a bhain dó. Tá comh-mhaoiniú á dhéanamh ar an gclár faisnéise seo ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus Oireachtas TV.

## Tionscadail agus Dátaí Suntasacha ar an gClár




**17 Aibreán 2018: Díospóireacht na nÓg i Seanad Éireann** – Cuirfidh Seanad Éireann fáilte roimh an sé dhalta dhéag a ghnóthaigh comórtas scoile uile-oileáin an Oireachtais agus déanfar díospóireacht ar oidhreacht ghluaiseacht na gceart vótála.

**Earrach/Samhradh 2018:** Tugadh coimisiún don déantóir clár faisnéise táscúil, Alan Gilsenan, chun saothar a chruthú ina n-insítear scéal na streachailte a rinne mná na hÉireann ar son an chomhionannais i réimse na polaitíochta, á insint go hiomlán ó bhéal na mban a bhí i láthair agus gníomhach le linn na n-imeachtaí. Tá urraíocht á déanamh i gcomhpháirt ar an tionscadal seo ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus Oireachtas TV agus craolfar é sa gcéad leath de 2018.

**Meitheamh 2018 – Meán Fómhair 2018:** I gcomhpháirt le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, reáchtálfaidh Tithe an Oireachtais taispeántas déantán, íomhánna agus ábhar gearrshaolach mar cheiliúradh ar obair ghluaiseacht na gceart vótála, ar thábhacht an *Representation of the People Act 1918* agus ar an tionchar a bhí ag na himeachtaí sin ar shochaí an lae inniu.

Beidh ar taispeáint, i measc roinnt taispeántán eile, an bhratach bhunaidh a d'úsáid Léig na hÉireann um Cheart Vótála do Mhná.

**21 Meán Fómhair 2018: Oíche Chultúir 2018 –** Ceiliúradh ar stair agus cultúr polaitíochta na hÉireann, a mbeidh Comóradh Vótáil 100 mar chroí-théama ann.

**27 Deireadh Fómhair 2018 – 17 Márta 2019:** Reáchtálfaidh Dánlann Náisiúnta na hÉireann, i gcomhar le Tithe an Oireachtais, taispeántas maidir le saol na Cuntaoise de Markievicz.

## Tionscadail agus Dátaí Suntasacha ar an gClár

Ar chomóradh céad bliain na Chéad Dála, díreoidh an taispeántas seo ar an gCuntaois de Markievicz, duine de na comhaltaí is suntasaí, is spéisiúla agus is mó a spreag aighneas i gcéad pharlaimint Phoblacht Réabhlóideach na hÉireann. Déanfar scrúdú sa taispeántas ar ghnéithe de chéannacht chasta dhiamhair na Cuntaoise de Markievicz trína léiriú i saothair ealaíne, i ngrianghraif, i léaráidí agus i scannáin.

*Ar an 21ú lá de mhí na Samhna,*
*ceiliúrfar 100 bliain ó rinneadh dlí den*
*Parliament (Qualification of Women) Act*

**21 Samhain 2018:** Mar thaifead agus léiriú ar an bhfás a tháinig de réir a chéile ionadaíocht na mban sa Pharlaimint, beidh taifead fótagrafach ar taispeáint i seomra na Dála de Chomhaltaí Mná an Oireachtas, idir chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí.

**21 Samhain 2018:** Léacht an Cheann Comhairle i dTeach Laighean i gcomhthéacs chlár 2018 na gceart vótála, agus an Ceann Comhairle Seán Ó Fearghaíl, TD, sa chathaoir don ócáid.

**7 Nollaig 2018: Siompóisiam na nIar-Chomhaltaí** ar Chearta Vótála na mBan a chraolfar beo ar Oireachtas TV.

Tiocfaidh iarChomhaltaí tofa an Oireachtais le chéile i dTeach Laighean chun nithe a bhaineann le Vótáil 100 a phlé.

*An 14 Nollaig 1918, vótáil mná Briotanacha agus*
*Éireannacha i dtoghchán parlaiminteach don chéad uair.*

**14 Nollaig 2018:** Beartaítear tús ré na vótála do mhná a cheiliúradh i Seomra na Dála.

## Tionscadail agus Dátaí Suntasacha ar an gClár

Tionólfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta taispeántas i dTeach an Chóiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath chun 100 bliain de rannpháirtíocht na mban sa saol polaitiúil a cheiliúradh.

Mairfidh an Taispeántas ó Shamhain 2018 go hEanáir 2019 agus cuirfear déantáin nach bhfacthas cheana ar taispeáint, mar aon le painéil eolais agus taispeántais dhigiteacha a rianóidh aistear na mban sa saol poiblí le céad bliain anuas.

I dteannta na n-ócáidí thuas cuirfear leabhrán eolais, bileog eolais agus póstaer do scoileanna ar fáil ina leagfar amach stair na tréimhse. Tá an t-ábhar seo ar fáil ar líne ag an seoladh www.Oireachtas.ie/Votail100

Foilsítear íomhánna an leabhráin seo le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Rannán na nGrianghraf in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, an Hugh Lane.

## Coiste Vótáil 100

*An Grúpa Uile-Pháirtí*

An Seanadóir Ivana Bacik (cathaoirleach)

An Seanadóir Alice Mary Higgins

An Seanadóir Gabrielle McFadden

An Seanadóir Rose Conway Walsh

An Teachta Fiona O'Loughlin

An Teachta Catherine Martin

# Tá buíochas ag dul freisin do na daoine seo a leanas as a gcuidiú:

Sinéad McCoole, Staraí agus Coimeádaí Céad Bliain de Mhná sa Pholaitíocht 2018, Aonad na nImeachtaí Ceiliúrtha, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

An tIar-Sheanadóir Paschal Ó Maonaigh

An Dr Micheline Sheehy Skeffington

An Dr Fiona Buckley, An Rannán Rialtais agus Polaitíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Claire McGing, Rannán an Tíreolais, OE, Maigh Nuad

Jane Maxwell, an Príomh-Choimeádaí, Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Estelle Gittens, Leabharlannaí Cúnta, Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Finola Doyle-O'Neill, Staraí Craolacháin (Teilifís, Raidió, Scannán), Scoil na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Dr Audrey Whitty, Coimeádaí, Rannán na hEalaíne agus na Tionsclaíochta, Ard-Mhúsaem na hÉireann – na hEalaíona Maisiúla agus Stair

Sandra Heise, Coimeádaí in Ard-Mhúsaem na hÉireann

Lorraine Comer, Ceann Roinne an Oideachais, Ard-Mhúsaem na hÉireann

Vanessa Carswell, Acadamh Ríoga na hÉireann

Rebecca Gageby, Acadamh Ríoga na hÉireann

Elizabeth Forster, Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath, An Hugh Lane

An tOllamh Louise Ryan, Rannán an Léinn Shocheolaíoch, Ollscoil Sheffield

Mary Clancy, Eolaíocht Pholaitiúil agus An tSocheolaíocht, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Donal Maguire, Coimeádaí in Dánlann Náisiúnta na hÉireann

Agus leis na meantóirí díospóireachta:

Julie Davis

Catherine Prasifka

Hannah Beresford

Lorna Staines

# Ár gComhpháirtithe:

NATIONAL GALLERY of IRELAND
GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN

---

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
National Library of Ireland

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

---

Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

---

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN
BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

---